

# **AN SCRÚDÚ BÉIL 2012**

## **&**

### ***AR AGHAIDH***

**ÁBHAR BREISE**

**CEARDLANN PRAITICIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ GAEILGE**

**LE ELAINE NÍ NEACTAIN**



Comhdháil Náisiúnta  
na Gaeilge



Comhar na  
Múinteoirí Gaeilge

## PLEAN 10 SEACHTAINE - BÉALTRIAIL 2012 - SEICLIOSTA NA NDALTAÍ



### **BUNTOPAIC NA SEACHTAINE**

- Tá cuntas gearr ullmhaithe agam ar \_\_\_\_\_
- Is féidir liom gach rud a fhoghrú i gceart
- Tuigim na ceisteanna samplacha a tugadh dom/cuireadh orm
- Rinne mé cleachtadh béil os ard go mion minic ar an topaic seo!
- Tá mé ábalta ceangal a dhéanamh le topaic níos deacra/níos pearsanta!

### **DÁN NA SEACHTAINE**

- Rinne mé cleachtadh béil ar an dán \_\_\_\_\_
- D'éist mé leis an taifead den dán ar [gaelport.com/cuireadhchuncainte](http://gaelport.com/cuireadhchuncainte)
- Tá go leor cleachtadh ó bhéal déanta agam ar an dán
- Tá mé compordach ag foghrú na bhfocal go léir
- Tá mé ábalta fuinneamh / beocht a chuir isteach ann!!

### **PICTIÚIR NA SEACHTAINE**

- Tá neart cleachtaidh déanta agam ar shraith \_\_\_\_\_
- Chruthaigh mé liosta foclóra agus nathanna don tsraith
- Tá mo chuntas gearr faoin tsraith ullmhaithe agam
- Tá mé ar mo chompord anois le hábhair na sraithe seo
- Is féidir liom ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoin tsraith seo

### **MO THOPAIC PEARSANTA / BEAGÁINÍN NÍOS DÚSHLÁNAÍ!**

- D'ullmhaigh & d'fhoghlaim mé liosta foclóra/nathanna/frásaí ar \_\_\_\_\_
- Tá alt gearr curtha le chéile agam faoi
- Rinne mé go leor cleachtaidh ó bhéal ar an topaic seo
- Tuigim conas an topaic seo a fhí isteach sa ghnáthchaint/chomhrá
- Airím ar mo chompord ag labhairt faoin topaic seo anois

**GRAMADACH** Rinne mé cleachtadh ar cheisteanna & fhreagraí san Aimsir \_\_\_\_\_



## **PLEAN 10 SEACHTAINE - BÉALTRIAL 2012 - CLÁR**

### **BUNTOPAICÍ**

- An fáiltiú & Mé féin
- Mo Chlann & Mo chairde
- Mo Theach
- Mo Cheantar Dúchais
- Mo Shaol [gach lá/deireadh seachtaine]
- Mo Chaitheamh Aimsire [ x2]
- Mo Scoil & An Ardteist
- Mo Thodhchaí & Pleananna
- Laethanta Saoire
- Mo thopaic pearsanta \*\* [*An clár/scannán/ leabhar/áit/cara/rud/turas/saoire is fearr liom*]

### **TOPAICÍ NÍOS DÚSHLÁNAÍ**

- Brú na Scoile
- Saol an Déagóra inniu
- An Timpeallacht & Athchúrsáil
- An Cúlú eacnamaíochta & mo shaol
- Drochscéal & Dea-scéal na bliana
- An Ghaeilge
- An tÍdiríon agus an Ríomhaire
- An Idirbhliain / An Ghaeltacht
- An scéal is mó a chuaigh i bhfeidhm ormsa i 2011/2012?
- Rogha an Mhúinteora

### **GRAMADACH**

- Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Chaite
- Na Briathra N/R - Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Chaite
- Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Láithreach
- Na Briathra N/R - Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Láithreach
- Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Fháistineach
- Na Briathra N/R - Ceisteanna agus Freagraí san Aimsir Fháistineach
- Ceisteanna agus Freagraí sa Mhodh Coinníollach





## **MO CHUNTAS AR AN TOPAIC:**

Is mise Áine Ní Chonghaile. Táim ocht mbliana déag d'aois. Rugadh mé ar an tríú lá déag de mhí Eanáir mile naoi gcéad nócha dó. Táim **cuíosach** ard. Tá súile gorma agus tá mo ghruaig donn. Deirtear gur duine cabhrach agus cairdiúil mé, **bhuel** sin a dheireann mo chairde ar aon nós! Bhuel, tá cúigear i mo chlann, mé féin **san áireamh**, mo thuismitheoirí Kevin agus Sinéad agus mo dheirfiúr Eimear agus mo dheartháir Pól. Tá mise i lár na clainne. Is é Pól an duine is sine sa chlann tá sé dhá bhliain is fiche. Tá sé ag freastal ar an Ollscoil i gCorcaigh ag déanamh staidéar ar ríomhairí. **Ansin** tá Eimear tá sise cúig bliana déag d'aois. Is í an duine is óige sa chlann. Tá sí fós ar scoil, tá sí sa tríú bliain i gColáiste Éanna. Réitím go maith le mo dheirfiúr agus mo dheartháir **go ginearálta** ach **caithfidh mé a admháil** go mbím ag argóint leo **ó am go chéile**. Ceapaim go bhfuil sé sin nádúrtha. Bíonn mé féin agus Kate ag argóint **de shíor** faoin teilifís, éadaí agus mar sin de. Goideann sí mo chuid éadaí agus féachann sí ar chláir sheafóideacha ar an teilifís!! Bíonn sí do mo chrá! Maidir le mo thuismitheoirí, réitím go maith leo **an chuid is mó den am**. *Caitheann siad go féarálte liom caithfidh mé a rá. Tugann siad cead mo chinn dom. É sin ráite* ní bhíonn cead agam *mo rogha* rud a dhéanamh i gcónaí. Ní bhíonn cead agam dul amach le mo chairde gach deireadh seachtaine agus déanann siad cinnte de go ndéanaim mo chuid staidéir. **Ach ar an iomlán** tá deachaidreamh eadrainn. Is múinteoir bunscoile í mo mhathair agus is dochtúir é m'athair. Tá a chleachtadh féin aige anseo sa chathair. Is cinnte gur post dúshlánach é post an mhúinteora. Ach is dócha go mbíonn deacrachtaí bainteach le gach post.

## **MO LIOSTA FOCLÓRA**

*Mile naoi gcéad nócha dó  
Ard  
Cabhrach & Cairdiúil  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh  
Ag argóint  
Rogha  
Is é X an duine is sine sa chlann  
Deacrachtaí  
Maidir le  
Bhuel  
É sin ráite*

## **MO NÓTAÍ FOGHRAÍOCHTA PEARSANTA**

*Cuíosach = qwee-suck  
Rogha = row -a  
Deachaidreamh = daw-cad-riv  
Eadrainn = ad-rin  
Do mo chrá = go mo chraw  
Is í = sí / Is é = sé*

## **MO CHUID FRÁSAÍ !**

★ Caitheann X go féarálte liom

★ Tugann X cead mo chin dom

★ An chuid is mó den am...

## **PLEAN 10 SEACHTAINE - BÉALTRIAIL 2012 - ÁISEANNA BREISE**



Vocaroo

[www.vocaroo.com](http://www.vocaroo.com)

Cuireadh Chun Cainte

[www.gaelport.com/cuireadhchuncainte](http://www.gaelport.com/cuireadhchuncainte)

Vifax

<http://www.nuim.ie/language/vifax/>

Gaelscéal

[www.gaelsceal.ie](http://www.gaelsceal.ie)

Gaelgory

[www.youtube.com](http://www.youtube.com) / cuardaigh Gaelgory & sraith [*Xilosoft*]

Powerpoints Úsáideacha le fáil ar

<http://www.isfeidirleat.ie/>

## 2011 BLAIN CHINNIÚNACH - CÉARD A CHEAP TUSA FAOI?



### Foclóir



Géarchéim Fiachais  
An Eoraip & An Euro  
Tubaistí nádúrtha  
Tragóidí móra  
Cogáí  
Círeibeacha  
Éirí amach  
Cúlú  
Ciorruithe  
'Is féidir linn'



### **Nathanna cainte**

- Níl mórán suime agam i gcúrsaí reatha/polaitíochta/spóirt ach
- Chuaigh X i bhfeidhm go mór ormsa
- Chuaigh scéal X i gcion orm, caithfidh mé a admháil
- Chuir X isteach go mór orm.
- Ní fhéadfá gan suntas a thabhairt do X
- Bhí X go mór i mbéal an phobail i 2011
- Lá i ndiaidh lae bhí na nuachtáin breac le scéalta faoi X
- Tá ár ndóthain cloiste againn faoina leithéid!
- Táimse bréan de!!
- Teastaíonn athrú meoin is intinne.
- Caithfidimid a bheith níos dearfaí!!



### **Ábhar Machnaimh & Obair le Déanamh**

Cad iad na scéalta móra ó 2011 a chuaigh i gcion go mór ortsa? Roghnaigh:

1. Scéal mór idirnáisiúnta
2. Scéal bainteach le hÉirinn
3. Scéal mór ó shaol na réalta móra teilifíse is spórt

## TASC LABHARTHA AR AN MODH COINNÍOLLACH

**Déan iarracht an Modh Coinníollach a úsáid le cur síos ar an bpictiúr thíos**

1 Bheinn... \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2 Theastódh... \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3 Ní fhéadfainn... \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

4 Dá mbuafainn \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_



**Déan iarracht tú féin a shamhlú i ról an duine seo a dhéanfá...**



1 \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2 \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3 \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

4 \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_


**Anois samhlaigh go bhfuil post an fhir seo agat, cad a dhéanfá ...**

1 \_\_\_\_\_

2 \_\_\_\_\_

3 \_\_\_\_\_

D'athróinn, Chuirfinn, Dhéanfainn, Rachainn...



## BÉALTRIAL 2012 – TEICNEOLAÍOCHT & MO SHAOL



Dainséarach  
An-áisiúil /An-úsáideach  
Costasach  
Úsáidim  
Téim ar...  
Cibear-bulaíocht  
Bím ag surfáil ar...  
Is féidir liom ... a dhéanamh ar facebook

- *Pictiúir a uaslódáil*
- *Ceol a íoslódáil*
- *Teagmháil a dhéanamh le...*
- *Teachtaireachtaí a chur chuig...*
- *Labhairt le...*

Gréasáin shóisialta  
An iPod – seinnteoir ceoil  
Fón cliste / fón póca



# twitter

# facebook

1. An maith leat leithéidí Facebook & Twitter?
2. An bhfuil iPod nó **seinnteoir ceoil** agat?
3. An mbaineann tú úsáid as an idirlíon go minic?
4. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an Facebook?
5. An bhfuil suíomhanna faoi leith a thaitníonn leatsa?
6. An bhfuil d'fhón póca féin agat?
7. An mbíonn sé costasach **creidmheas** a cheannach don fhón póca?
8. Déan liosta de **bhuntáistí** agus **míbhuntáistí** an idirlín
9. Déan liosta de bhuntáistí agus míbhuntáistí na bhfón póca
10. Scríobh amach cuntas ar na **féidearthachtaí** bainteach le Facebook

***Is iomaí buntáiste a bhaineann le...***

***Ar an drochuair tá míbhuntáistí bainteach leis...***

## Ailt chabhracha bunaithe ar 'Ábhar beagánín níos dúshlánaí' Béaltríail 2012'

### An t-Idirlíon

Is breá liom an t-idirlíon, tá mé gafa leis caithfidh mé a admháil. Téim ar líne beagnach gach oíche. Bíonn mo Mham ag tabhairt íde béil dom faoi!! Ceapann sí go gcaithim an iomarca ama ar líne!!Ba chóir dár ndóigh go mbeinn ag staidéar, ach teastaíonn sos gach cúpla uair- bhuel sin mo leithscéal ar aon nós!!Is breá liom ag féachaint ar fhíseáin ar YouTube agus ag dul ar na seinnteoirí de chuid RTÉ nó TV3 chun féachaint ar chláir mar 'eastenders' in athuair. Tá go leor féidearthachtaí bainteach leis an idirlíon sa lá atá inniu ann. Is féidir ticéid de gach saghas a chur in áirithe ar líne. Do chuid siopadóireachta a dhéanamh. Billí a íoc agus do chuntas bainc a sheiceáil. Freisin cuireann an t-idirlíon ar do chumas labhairt le daoine thar lear ar ríomhphost nó facebook. Anuas air sin, is féidir féachaint ar scannáin/chláir theilifíse/ fhíseáin agus dár ndóigh is féidir eolas faoi chuile rud beo a lorg. Gan aon amhras bheinnse cailte gan an idirlíon.

### Facebook

Tá mo leathanach féin agam ar Facebook. Is gréasán sóisialta é Facebook agus is féidir leat go leor rudaí difriúla a dhéanamh ar Facebook. Úsáidim Facebook chun labhairt le mo chairde. Tá cuntas Facebook ag gach duine na laethanta seo. Tá ceann ag mo Mham fiú! Is féidir teachtaireachtaí a fhágáil do do chairde ar Facebook, teachtaireachtaí poiblí nó príobháideacha. Tá tú ábalta féachaint ar leathanaigh do chairde agus a gcuid eolais is pictiúr a fheiceáil. Rud eile atá go hiontach faoi Facebook is féidir leat do leathanach a fháil i nGaeilge. Is breá liom sin! Cuirim suas cúpla pictiúr anois is arís agus bíim ag féachaint ar phictiúir mo chairde chomh maith. Tríd is tríd ceapaimse go bhfuil Facebook go hiontach.

### iPod

Is breá liom m'iPod. Fuair mé é do mo bhreithlá anuraidh ó mo thuismitheoirí. Úsáidim an iPod beagnach gach lá. Is breá liom ceol agus tá na céadta amhrán agam ar an iPod. B'fhéidir go bhfuil ós cionn dhá chéad amhrán ar an iPod agam, níl mé ró-chinntte chun a bheith macánta. Téim ar iTunes ó am go chéile chun ceol nua a íoslódáil. Tá sé saghas costasach caithfidh mé a rá go háirithe má bhíonn cúpla amhrán nua uait. Dé ghnáth cuirim ceol ó dhlúthdhioscaí ar m'iPod mar tá sé níos saoire. Éistim leis an iPod agus mé ag siúl ar scoil ar maidin agus go minic bíim ag éisteacht leis an iPod agus mé ag staidéar istoíche.



## Laethanta Saoire



### Pléigí na nathanna seo sa rang? *Cén bhrí atá leo agus an féidir leat iad a úsáid?*

Chaith mé seal sa Spáinn anuraidh  
Ar ndóigh bhí an aimsir thar cionn lá i ndiaidh lae  
Ní fhéadfá an Spáinn a shárú i mo thuairimse  
Bhí neart le déanamh i rith an lae agus istoíche  
Bhuail mé le go leor daoine ar chomhaois liom féin  
Is ar éigean a d'airigh mé uaim an teilifís bhí an tsaoire chomh maith sin!

Chuir X na ticéid in áirithe  
Chonaiceamar an t-óstán ar líne  
Bhí scoth na n-áiseanna san óstán  
Lig mé mo scíth  
Níor airigh mé uaim an baile!

**Dúshlán daoibh: Cuir tuilleadh eolais & nathanna leis an liosta seo, más féidir leat!**

## Gramadach: Ceacht beag chun cleachtadh a dhéanamh ar cheistiúcháin

Líon isteach an fhoirm cheart den bhriathar chun **A** agus **B** a chur in iúl



**A = Freagra dearfach**



**B = Freagra diúltach**

1: An raibh tú ar saoire an samhradh seo caite?

Frg. A  \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

2: Cár fhan tú ar an tsaoire sin?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

3: Ar thaitin sé leat?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

4: An mbeidh tú ag dul in aon áit an samhradh seo chugainn?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

5: Dá mbeadh an deis agus an t-airgead agat dul chuig do rogha áit, cá rachfá?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

6: An deachaigh tú ar mharlartú scoile riamh?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

7: An ndearna tú aon rud difriúil/suimiúil le linn an ama sin?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

8: Ar chaith tú seal i gcoláiste samhraidh Gaeilge nó Fraincise cheana?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

9: Ar mhaith leat dul ar ais chuig an áit sin?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

10: Ar bhuail tú le mórán daoine/cairde ar an tsaoire sin?

Frg. A \_\_\_\_\_

Frg. B  \_\_\_\_\_

## Rang Cainte – Bain Triail as Geandáil Ghasta

Bíonn sé deacair uaireanta daltaí a spreagadh chun cainte i nGaeilge sa seomra ranga. Leis na hathruithe sa siollabas is gá dúinne mar mhúinteoirí straitéisí éagsúla a úsáid chun na daltaí a mhealladh chun cainte. Smaoineamh an-mhaith is ea an Geandáil Ghasta chun iad a chur ag caint. Is féidir triail a bhaint as i dtosach le hábhar simpl atá réamhullmhaithe go maith sa rang. D’fheadfaí fiú leas a bhaint as chun measúnú a dhéanamh ar an nGaeilge labhartha. Bí cinnte go mbíonn an t-ábhar don gheandáil ghasta pléite go mion sa rang roimh ré nó ní éireoidh leis. Oireann an saghas ranga seo do dhaltaí ag déanamh gach leibhéal, ach déanaigí cinnte an tasc a chur in oiriúint do do rang féin i gcónaí. Má bhraitheann na daltaí go bhfuil an tasc ró-chasta dóibh ní éireoidh leis. Baineann daltaí an-taitneamh as bheith ag bogadh timpeall an tseomra agus is breá leo an deis a fháil úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge in átmaisféar spraiúil. Ach bígí réidh do ghleo agus do thorann! Slí mhaith chun dul i ngleic leis seo ná chun comhartha a chrocadh ar dhoras do sheomra ‘Rabhadh – Torann & Gleo – Rang Cainte ar siú’!!

## Geandáil Ghasta – treoir phraiticiúil

- Bíodh ceisteanna ullmhaithe agat roimh ré don ábhar cainte.  
[Déan cinnte na ceisteanna a chur in oiriúint do leibhéal do rang.]
- Cuir na daltaí ina seasamh.
- Roinn an rang ina dhá chuid scrúdaitheoirí / daltaí.
- Tabhair amach dhá cheist an duine do gach scrúdaitheoir.
- Cuir an dá líne ag seasamh ós comhair a chéile ansin.
- Bíodh feadóg nó gléas éigin agat chun torann a dhéanamh.
- Abair leis na Scrúdaitheoirí go mbeidh orthu na ceisteanna a chur ar an duine ós a gcomhair amach.
- Ach nuair a shéidtear an fheadóg, caithfidh na daltaí bogadh ar aghaidh go sciobtha!
- Ní bhíonn ach líne na ndaltaí ag bogadh, fanann na scrúdaitheoirí san áit atá siad.
- Ba chóir go gcuimhneoidh an scrúdaitheoir ar ainm/cúpla freagra duine amháin, mar go mbeidh an múinteoir ag lorg aiseolais ó na scrúdaitheoirí ag deireadh an tseisiúin.

*Is straitéis iontach é seo chun na daltaí a chur a suaimhneas le caint ós comhair a chéile ag tús topaice nua mar go mbíonn gach duine ag caint ag an am céanna! Tabharfaidh sé níos mó muiníne dóibh roinnt cainte /cleachtaidh a dhéanamh. Cuireann sé le hatmaisféar an ranga freisin dár ndóigh.*

**Rabhadh: Bígí an-dian ar aon Bhéarlóireacht!!**